Gaelscoil na Mí

Uimhir Rolla: 20382F

Polasaí Iontrála

1. Is é comhionannas rochtana, an luacheochair a dheimhníonn clárú páistí d'ár scoile. Ní dhiúltaítear páiste de bharr cine, riachtanais oideachas speisialta, máchaile, teanga/ blas, inscne, tuairimí agus luachanna creidimh/polaitiúla, cúinsí clann nó sóisialta.

2. Aithnítear cearta tuismitheoirí a bpáistí a chlárú ina rogha scoile. Ach tá Bord Bainistíochta Ghaelscoil na Mí freagrach as cearta an chomhluadair scoile, agus go háirithe cearta na bpáistí atá cláraithe cheana sa scoil. Ní mór breithiúnas cóir a thabhairt ar gach iarratas bunaithe ar chearta nádúrtha agus feidhmiú ar son leas páistí/iarrthóirí.

3. Ag tacú leis an scoil, cinntíonn an Bord Bainistíochta uasmhéid líon na ndaltaí i ngach rang seomra ag tógaint san áireamh moltaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta i leith meán uimhreacha ranga, agus ag braith ar na hacmhainní atá ar fáil don Bhord Bainistíochta.

4. Glacfar le páistí sna Naíonáin Bheaga bunaithe ar an gcoinníoll go mbeadh an chóiríocht chuí ann. Tabharfar tosaíocht sa scoil mar seo:

   - Deartháireacha / deirfiúracha daltaí atá sa scoil cheana féin nó a bhí sa scoil tráth a bheidh 4 bliana d'aois ar an 31ú lá Bealtaine. Tá freagracht ar thuismitheoirí cinnte a dhéanamh go bhfuil siblíní cláraithe roimh an chéad lá de mhí na Nollag sa bhliain roimhe.

   - Clann mhac agus iníonacha foireann reatha na scoile a bheidh 4 bliana d'aois ar an 31ú lá Bealtaine.

   - Clann mhac agus iníonacha iarscoláirí Ghaelscoil na Mí a bheidh 4 bliana d'aois ar an 31ú lá Bealtaine.

   - Páistí a bheidh 4 bliana d'aois ar an 31ú lá Bealtaine a thagann ó chlannta a thógann na páistí le Gaeilge. Beidh agallamh i gceist ionas go mbeidh éiteas na scoile cosanta.

- Páistí a bheidh 4 bliana d'aois ar an 31ú lá Bealtaine agus atá ag freastal ar Naíonraí ar feadh bliana roimh dóibh tosnú ar an scoil. M.sh. an bhliain ECCE.

- Mura mbíonn páiste 4 bliana d'aois ar an 31ú lá Bealtaine (roimh dóibh tosú ar scoil), glacfar le páistí níos sinne ar dtús.

- Má bhíonn páistí 4 bliana nó níos mó ar an 31 lá Bealtaine (roimh dóibh tosú ar scoil), glacfar leo de réir dáta cláraithe.

- Éinne a ghlacann le háit agus a iarrann í a chur siar go dtí an bhliain dar gcionn, roimh dheireadh Meithimh na scoilbhliana reatha, cuirfear isteach an t-iarrtas de réir gnáth thosaíochta. Molann Bord Bainistíochta Ghaelscoil na Mí go gcláraítear páistí faoi dhó má tá tuismitheoirí neamhchinnte faoin bhliain tosú.

- Éinne a dhéanann é tar éis deireadh na scoilbhliana rachaidh siad ar an liosta don dáta sin agus caillfidh siad aon tosaíocht atá acu. Molann Bord Bainistíochta Ghaelscoil na Mí go gcláraítear páistí faoi dhó má tá tuismitheoirí neamhchinnte faoin bhliain tosú.

5. Is féidir glacadh le páiste i ranganna seachas na naíonáin má tá spás ar fáil. Glacfar leis an bpáiste, tar éis dó/di dul faoi agallamh ag an bpríomhoide agus an múinteoir ranga; beidh béim curtha ar chaighdeán Ghaeilge an pháiste; glacfar leis/leí má tá siad sásta go mbeadh an páiste ar leas na scoile agus an scoil ar leas an pháiste.

6. Le Linn na scoilbhliana, cláraítear páistí a thagann isteach sa cheantar, nó ó scoileanna eile, de réir rialacha na Roinne, treoracha an pholasaithe iontrála agus le comhaontú leis na scoileanna eile.

7. Tuismitheoirí a theastaíonn uathu a bpáistí a chlárú i nGaelscoil na Mí, ní mór dóibh foirm iarratais a líonadh isteach agus é a sheoladh chun na scoile le bun teastais breithe /uchtaithe.

8. Cuirfear ainmneacha na bpáistí a bhfuil foirm iarratais agus teastais breithe / uchtaithe faighte ag an scoil ar liosta feithimh.

9. Cuirfear oíche eolais ar fáil do thuismitheoirí ionchasacha roimh dheireadh na scoilbhliana.

10. Tabharfar cuireadh do na Naíonáin nua tréimhse neamhfhoirmiúil a chaitheamh sa scoil chun dul i dtaithí ar a dtimpeallacht nua roimh dheireadh na scoilbhliana.

11. Ag braith ar na hacmhainní a chuireann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar fáil don Bhord Bainistíochta, tacófar le páistí le riachtanais oideachas speisialta.

12. Ní mór do na daltaí atá cláraithe in ár scoil comhoibriú agus tacú leis na polasaithe atá ag an scoil.

13. Tá an polasaí seo, maraon leis na cinn eile, curtha le chéile faoi mholtaí an Acht Oideachais, Rialacha na mBunscoileanna Náisiúnta agus ag teacht le hEatós na scoile. Is féidir cur leis na polasaithe ó am go chéile nó iad a athrú.

Polasaí Luath Thumoideachas Iomlán

Tá polasaí luath thumoideachas iomlán á gcur i bhfeidhm i nGaelscoil na Mí mar a mholann pátrún na scoil An Foras Pátrúnachta.

'Sé sin, ón gcéad lá sna Naíonáin Shóisir ,labhartar Gaeilge leis an bpáiste – Gaeilge amháin a labhartar leis an bpáiste go dtí tús an dara téarma i Naíonáin Shinsir. Ní dhéantar aon bhéarla go dtí an dara téarma sna Naíonáin Shinsir.

Taispeáinann taighde i dtíortha eile a chleachtaíonn luath thumoideachas iomlán go láidríonn an tús seo an dara teanga (Gaeilge sa chás seo) agus nach ndéanann sé dochar don chéad teanga.

Nuair a ghlacann tú le áit sa scoil seo, tuigeann an Bord Bainistíochta go nglacann tú leis agus go dtacaíonn tú leis an bpolasaí seo.

_____ Dáta: 23/02/2015

Cathaoirleach, Gaelscoil na Mí

This is a translation of the school's "Polasaí Iontrála". In case of discrepancies, please revert to original version as Gaeilge.

1. The foundation of our enrolment policy is equality of access. Children will not be refused a place in the school on the grounds of race, special educational needs, disability, language or dialect, gender, political or religious values or opinions, family background or social class.

2. The Board of Management of Gaelscoil na Mí recognises the right of parents to enroll their children in their choice of school. At the same time the Board is responsible for the welfare of the school community, especially the welfare of children already enrolled in the school. Every application must be judged fairly, upholding natural rights and seeking to benefit children in the school and applicant children.

3. The Board of Management sets the upper limit on numbers in each class, taking into account recommendations of the Department of Education and Science in relation to average class sizes and depending on the resources available to the school.

4. Children will be accepted into a Junior Infant class provided that there is suitable accommodation for a class. Priority will be given on the following basis:

- Brothers and sisters of pupils in the school already or of past pupils who have reached their 4th birthday by 31st May. It is the parents' responsibility to ensure that all siblings are enrolled before the first of December of the year preceding commencement.
- Sons and daughters of current school staff who have reached their 4th birthday by the 31st May.
- Sons and daughters of past pupils who have reached their 4th birthday by the 31st May.
- Children from Irish speaking families who have reached their 4th birthday by the 31st May (an interview will occur, in order to protect the Gaelscoil ethos).
- Children who have reached their 4th birthday by the 31st May and who have attended Naíonraí for a year prior to commencement. E.g. ECCE year.
- If a child has not reached his/her 4th birthday by the 31st May (prior to starting school), older children will have priority.
- When children have reached their 4th birthday by the 31st May (prior to starting school), priority will be given on the basis of earliest registration date.

- A child who is offered a place but who asks before the end of June to postpone for a year, will have their application reconsidered the following year, retaining their original registration date. The Board of Management of Gaelscoil na Mí recommend that a child be enrolled in two consecutive years, if parents are unsure of the year of commencement.

- A child who is offered a place but asks for a year's postponement after the end of June, will be regarded as a new applicant the following year. The Board of Management of Gaelscoil na Mí recommend that a child be enrolled in two consecutive years, if parents are unsure of the year of commencement.

5. Children can be accepted into other classes if there is space available. Before being offered a place, the child will be interviewed by the principal and class teacher – with an emphasis on the child's standard of Irish – to ascertain whether the child will suit the school and the school will suit the child.

6. During the school year, children who move from another area or another school will be accepted according to the rules of the Department of Education and Science and the guidelines of this enrolment policy, and in cooperation with other schools.

7. Parents who wish to enroll their child in Gaelscoil na Mí must complete an application form and submit it to the school, along with a copy of the child's birth certificate. The Board of Management of Gaelscoil na Mí recommend that a child be enrolled in two consecutive years, if parents are unsure of the year of commencement.

8. The names of children who have submitted application forms and birth certificates will be placed on a waiting list.

9. An information night will be organised for prospective parents before the end of the school year.

10. New Junior Infants will be invited to spend some time in the school before the end of the preceeding school year so that they will be familiar with the school environment.

11. Children with special educational needs will be facilitated, depending on the resources made available to the Board of Management by the Department of Education and Science.

12. Pupils who enroll in Gaelscoil na Mí must cooperate and support school policies.

13. As with other Gaelscoil na Mí policies, this policy has been formulated under the provisions of the Education Act and the rules governing national primary schools, and in sympathy with the ethos of the school. Policies may be added to or amended by the Board of Management from time to time.

Policy of Total Immersion

In Gaelscoil na Mí, we implement a policy of total immersion as recommended by our patron An Foras Pátrúnachta na Scoileanna LánGhaeilge Teo.

This means that from the first day of Junior Infants, only Irish is spoken to the children until the beginning of the second term in Senior Infants. No English is taught or spoken until the second term in Senior Infants.

Research from other countries that use the total early immersion method of teaching shows that this method gives the new second language (Irish in this case) a stronger start and does not damage the development of the first language (English).

When you accept a place in Gaelscoil na Mí, the Board of Management understand that you support and accept this policy.

_____ Dáta: 23/02/2015

Cathaoirleach, Gaelscoil na Mí